



General Certificate of Secondary Education
2024

Uimhir Lárionaid

--	--	--	--	--

Uimhir Iarrthóra

--	--	--	--	--

Cúram Sláinte agus Sóisialta

Aonad 1
Forbairt Phearsanta
Sláinte agus Folláine

MV24/IM

[GHL11]

DÉ LUAIN 13 BEALTAINÉ, IARNÓIN

Am

1 uair 30 nóiméad, agus an t-am breise atá ceadaithe duit.

Treoir d'Iarrthóirí

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.

Ná scríobh ar leathanaigh bhána.

Comhlánaigh le dúch dubh amháin.

Freagair **gach** ceist.

Eolas d'Iarrthóirí

Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo. Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ag deireadh gach ceiste na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist. Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeisteanna **2(e)(i)**, **3(a)(ii)** agus **3(f)**.

1 Is tuismitheoir aonair í Alison, atá 20 bliain d'aois, agus tá buachaill beag aici, Noah, atá trí seachtaine d'aois. Tá cónaí orthu in árasán beag. Tá súil ag Alison go bhfillfidh sí ar a post mar altra fiacloireachta nuair a bheidh Noah níos sine.

(a) Tá Alison i gcéim na beatha ar a dtugtar luath-aosacht, is é sin ó _____ go _____ bliain. [2 mharc]

(b) Sainaithin an cineál caidrimh atá idir Alison agus Noah. [1 mharc]

(c) Anois agus Alison ina tuismitheoir nua, mínigh **dhá** dhóigh a bhféadfadh sé sin tionchar a imirt ar a forbairt intleachtúil agus **dhá** dhóigh a bhféadfadh sé tionchar a imirt ar a forbairt shóisialta. [2 mharc do gach ceann]

Tionchair ar fhorbairt intleachtúil

1. _____

2. _____

Tionchair ar fhorbairt shóisialta

1. _____

2. _____

(d) Tá muintir Alison ag cuidiú léi déileáil leis an athrú ina saol anois agus í ina tuismitheoir nua.

Bain úsáid as na ceannteidil thíos le cur síos ar an dóigh a bhféadfadh muintir Alison cuidiú léi déileáil leis an athrú seo ina saol. [3 mharc do gach ceann]

Tacaíocht mhothúchánach

Comhairle agus faisnéis

Cuidiú praiticiúil

(e) Tá ioncam íseal ag Alison cionn is go bhfuil sí ar shaoire mháithreachais agus ní fhaigheann sí ach Pá Máithreachais Reachtúil.

Mínigh **trí** dhóigh a bhféadfadh ioncam íseal tionchar a imirt ar shláinte agus ar fholláine fhisiciúil an duine.

[2 mharc do gach ceann]

1. _____

2. _____

3. _____

(f) (i) Tá Noah i gcéim na beatha ar a dtugtar naíonacht, is é sin ó _____ go _____ bliain. [2 mharc]

(ii) Déan cur síos ar na patrúin a mbeifí ag dúil leo maidir le forbairt intleachtúil agus shóisialta le linn na naíonachta. [3 mharc do gach ceann]

An patrún a mbeifí ag dúil leis maidir le forbairt intleachtúil le linn na naíonachta

An patrún a mbeifí ag dúil leis maidir
le forbairt shóisialta le linn na
naíonachta

2 Tá galar corónach croí (GCC) (**CHD**) ar Frank, atá 72 bliain d'aois.

(a) (i) Tá Frank i gcéim na beatha ar a dtugtar seanaosacht, is é sin _____ + bliain. [1 mharc]

(ii) Déan cur síos ar an phatrún a mbeifí ag dúil leis maidir le forbairt intleachtúil le linn na seanaosachta. [3 mharc]

(b) Mínigh cén dóigh a bhféadfadh an aois drochthionchar a imirt ar fhéinchoincheap Frank. [2 mharc]

(c) Sainaithin **trí** dhóigh a bhféadfadh GCC (**CHD**) tionchar a imirt ar shláinte agus ar fholláine fhisiciúil Frank.

[1 mharc do gach ceann]

1. _____
2. _____
3. _____

(d) Tá cónaí ar Frank i sráidbhaile beag.

Tá an t-ospidéal is gaire dó tríocha míle ar shiúl agus tá an tseirbhís bus go holc ar fad. Níl carr ag Frank níos mó.

Baineann sé sult as réimse

gníomhaíochtaí sa phobal áitiúil s'aige.

Tá comharsana maithe ag Frank a

thugann cuairt air go minic lena chinntiú go bhfuil sé go maith.

Agus na ceannteidil seo a leanas in úsáid agat, déan cur síos ar an dóigh a bhféadfadh an suíomh geografach tionchar a imirt ar shláinte agus ar fholláine Frank.

[3 mharc do gach ceann]

Tionchar ar shláinte agus ar fholláine fhisiciúil

Tionchar ar shláinte agus ar fholláine
mhothúchánach

Tionchar ar shláinte agus ar fholláine
shóisialta

(ii) Chuaigh sé crua ar Frank déileáil le bás Elsa agus chuaigh sé i dteagmháil le heagraíocht san earnáil dheonach mar sin le tacaíocht a fháil.

Mínigh **dhá** chineál tacaíochta dhifriúla a d'fhéadfadh an eagraíocht a chur ar fáil do Frank le cuidiú leis déileáil le bás Elsa.

[2 mharc do gach ceann]

1. _____

2. _____

(b) Bíonn Olena ag obair i siopa caife gach Satharn.

Mínigh an dóigh a bhféadfadh sé seo dea-thionchar a imirt ar a féinchoincheap. [2 mharc]

(c) Sainaithin an cineál caidrimh atá ag Olena leis an bhainisteoir ar an tsiopa caife. [1 mharc]

(d) Tá caidreamh maith ag Olena lena muintir agus lena cairde.

Déan cur síos ar an dóigh a bhféadfadh na caidrimh seo dea-thionchar a imirt ar a forbairt mhothúchánach. [3 mharc]

(e) Is é is guaiseacha oibre ann ná rioscaí nó contúirtí a bhaineann le post ar leith.

Mínigh **trí** dhóigh a bhféadfadh na guaiseacha oibre a bhaineann lena post ag an tsiopa caife tionchar a imirt ar shláinte agus ar fholláine fhisiciúil Olena.
[2 mharc do gach ceann]

1. _____

2. _____

3. _____

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	

Marc Iomlán	
--------------------	--

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.